
# B




3 - Labhraímis ina thaobh...
4 - Rannta, amhráin agus dánta
5 - Scéalaíocht

# Clár


| | |
|---|---|
| Caint agus Scoil | 2 |
| Ceisteanna Oscailte agus Ceisteanna Dúnta | 3 |
| Ag caint le do leanbh | 4 |
| Bí ag éisteacht! | 5 |
| Cluichí éisteachta agus cainte | 6 |
| Aird ar chaint agus ar éisteacht | 7 |
| Ag caint agus ag éisteacht le do pháiste | 8 |
| An cuimhin leatsa na rannta seo? | 9 |
| Ag cloisint patrúin fuaime | 10 |
| Gníomhamhráin agus rímeanna | 11 |
| Bíodh spórt agat le rímeanna | 12 |
| Oideas scéil | 13-14a |
| An bosca scéalaíochta | 15 |
| Ag cabhrú le do leanbh scéal a aithris | 16 |
| Síscéalta trína chéile | 17 |
| Ag déanamh puipéad | 18 |
| Ag Scéalaíocht | 19 |




# Caint agus Scoil

Nuair a thosnaíonn do pháiste ar scoil, tá sé tábhachtach go gcabhrófá léi eolas a chur ar a dtéann ar aghaidh sa seomra ranga agus ar an saghas caidrimh lena mbítear ag súil ann.

Cabhraigh le do pháiste eolas a chur ar an seomra ranga.

Sula dtosnaíonn do pháiste ar scoil, bí ag imirt scoile léi sa mbaile.

Is minic go mbíonn fonn ar pháiste níos sine sa teaghlach a bheith mar mhúinteoir.

Chomh luath is a thosnaíonn do pháiste ar scoil, lig dise a bheith ina múinteoir agus bíodh tusa nó páiste níos sine mar dhalta scoile.

Tabharfaidh sé seo an seans dod pháiste a tuairimí de ról agus mianta an mhúinteora, mar a chíonn sí sin iad, a léiriú.

D'fhéadfá iarraidh ar do pháiste pictiúr den seomra ranga a dhéanamh, nó déanaigí le chéile é.

Fiafraigh i dtaobh áiteanna:

- Cá suíonn tú?
- Cá suíonn do mhúinteoir?
- Cá bhfuil an leithreas?
- Cá gcuireann tú do chóta agus do mhála scoile?

Fiafraigh i dtaobh ama:

- Cathain a bhíonn briseadh agat?
- Cad a dhéanann tú?

Fiafraigh i dtaobh cainte:

- Cad a dheireann tú má theastaíonn uait dul go dtí an leithreas?
- Cad a thugann tú ar do mhúinteoir?

Fiafraigh i dtaobh imeachtaí:

- Cad é an chéad rud a dhéanann tú ar maidin?

Fiafraigh i dtaobh rudaí a thaitníonn agus ná taitníonn léi:

- Cad a thaitin leat i dtaobh an scéil a léigh do mhúinteoir duit inniu?

# Ceisteanna Oscailte agus Ceisteanna Dúnta

**Teastaíonn 'sea' nó 'ní hea', nó focal amháin mar fhreagra ar cheist dúnta:**

'An raibh am deas agat ar scoil inniu?'

'Ar mhaith leat ispíní don tae?'

'An ndeachaigh tú go dtí an siopa?'

**Teastaíonn breis eolais mar fhreagra ar cheist oscailte, agus spreagann sí an smaoineamh:**

'Cad a dhein tú ar scoil inniu?'

'Cad ba mhaith leat don dinnéar?'

'Cá ndeachamar inniu?'

'Cad is féidir leat a insint dom mar gheall ar do phictiúr?'

Nuair a chuirtear **ceist oscailte** ar do leanbh, ní mór di breis focail a úsáid chun freagairt. Caithfidh sí, leis, ord a chur ar a cuid smaointe sula dtugann sí freagra ort.



# Ag caint le do leanbh

Tóg an t-am chun labhairt le do leanbh. Cabhraíonn forbairt scileanna labhartha an linbh le forbairt scileanna léitheoireachta.

Tabhair a lán seansanna dod leanbh a cuid smaointe a chur i bhfocail. Bíodh a fhios agat go dtugann gach gníomhaíocht a dhéanann tú, pé an imirt chluichí, dul ag siopadóireacht nó bácáil borróga é, deis chainte daoibh.

Iarr ar do leanbh a gníomhaíochtaí a mhíniú duit, cur síos a dhéanamh ar rudaí, smaointe a chur in iúl. Tosnaigh do chuid ceisteanna le rudaí ar nós cé hé, cad é, cathain, cén áit, cad ina thaobh agus conas.

Múin ainmneacha rudaí dod leanbh. Iarr uirthi rudaí a aimsiú agus a ainmniú duit. Spreag do leanbh le cosúlachtaí agus éagsúlachtaí idir rudaí a thabhairt fé ndeara.

Múin focail dod leanbh a bhaineann le hionad agus treo, am, méid agus crot.

Thar aon rud eile, léirigh go bhfuil meas agat ar chaint do linbh tríd a bheith á moladh agus á spreagadh de shíor.

**Nuair a labhrann tú le do leanbh cothaíonn sé:**

- **scileanna foclóra,**
- **scileanna caidrimh,**
- **féinmheas.**

Ní fuirist i gcónaí am oiriúnach a aimsiú chun a bheith ag caint le do leanbh agus tá gach clann éagsúil. Deir roinnt tuismitheoirí gurb iad seo na hamanta is fearr:

- am béiltí
- am folctha
- sa ghluaisteán
- ag siopadóireacht
- am leapan
- tar éis obair baile
- ag dul ar siúl
- ag cócaireacht

Cad iad na hamanta is fearr a oireann duitse?

# Bí ag éisteacht!

Is tríd a bheith ag éisteacht le do leanbh is fearr a mhúinfidh tú di conas scileanna éisteachta a fhorbairt.

Seo chugat roinnt smaointe:

- Féach sa tsúil uirthi.
- Bí foighneach.
- Tabhair seans dod leanbh a tuairim a chur in iúl nó a scéal a insint.
- Bíodh rud éigin le rá agat i dtaobh a bhfuil ráite aici.
- Spreag do leanbh chun breis eolais a thabhairt tríd a bheith ag cur ceisteanna oscailte.
- Iarr ar do leanbh an scéal a insint nó an t-eolas a thabhairt do bhall eile den teaghlach.
- Spreag fiosracht do linbh.
- Iarr tuairimí do linbh.
- Lig di labhairt gan go gcuirfeá isteach uirthi.
- Tabhair moladh dod leanbh nuair a fhanann sí go foighneach le deis chainte.
- Gabh buíochas le do leanbh as eolas a thabhairt duit.

Do chuidse smaointe:


# Cluichí éisteachta agus cainte

- Cloisim lem chluaisín
- Chuaigh mé go dtí an siopa agus cheannaigh mé...
- Chuaigh mé go dtí an zú agus chonaic mé...
- Aibítir Ainmhithe
- Fiche ceist
- *Ag iascaireacht*
- *Deir Simon*
- Coiscéimeanna móra agus coiscéimeanna beaga
- Biongó
- Cluichí cláir

Do chuidse smaointe:

# Aird ar chaint agus ar éisteacht

Is féidir léi iad seo a leanas a dhéanamh:




Ainm

Aois

Déan fótacóip de réir mar is gá do gach leanbh

# Ag caint agus ag éisteacht le do pháiste

Roghnaigh ceann de na gníomhaíochtaí seo agus bain triail as le do pháiste i rith na seachtaine:

1. **Ceisteanna oscailte agus dúnta**
2. **Ceann de na cluichí éisteachta agus cainte**
3. **Aird ar chaint agus ar éisteacht**

Cén ghníomhaíocht a roghnaigh tú?

Cathain a bhain tú triail as an ngníomhaíocht sin?

Cad a d'fhoghlaim tú i dtaobh scileanna cainte agus éisteachta do pháiste?

Cén chuid den ngníomhaíocht ar bhain tú féin is do leanbh an taitneamh is mó as?

# An cuimhin leatsa na rannta seo?

Aon, dó,
Capall is bó,
Trí, ceathair,
Bróga leathair,
Cúig, sé,
Cupán tae,
Seacht, ocht,
Seanbhean bhocht,
Naoi, deich,
Císte te.

...

Tic, tac, tú,
Péire bróg nua.
Cuirfidh mise an tairne,
Is cuirfidh tusa an crú.

...

Is maith liom bainne,
Is maith liom tae,
Is maith liom codladh,
Go meánlae.

...

Tá capaillín ag Seáinín,
Hup, hup, hup!
Tá ba ag Páidín,
Sup, sup, sup!
Tá gamhna ag Máirín,
Suc, suc, suc!
Tá cearca ag Áine,
Tiuc, tiuc, tiuc!

...

Ar maidin inné,
Mharaigh mé gé.
Bhí an scian róghéar,
Is ghearr mé mo mhéar.

...

"A sheanbhean, a sheanbhean,
A sheanbhean, a sheanbhean,
A sheanbhean, a sheanbhean,
An ólfá tae?"
"D'ólfainn", arsa an tseanbhean,
"Dá mbeadh siúcra agus bainne ann.
D'ólfainn lán an channa de,
Dá bhfaighinn uait é."

...

Bhí mise lá ag dul Bóthar an Sop,
Is cé a chasfaí dom ach Micilín Dod.
Shuigh sé síos is chas sé port,
Is bhí m'asal ag damhsa gur briseadh a chos.

...

"A bhoilgín, a bhoilgín,
an n-íosfá cáca?"
"D'íosfainn", a deir boilgín,
"is lán a' phláta!"

...

Gugaillí gug,
Mo cheaircín dubh.
Suíonn sí ar nead
Is beireann sí ubh.
Ubh inné is ubh inniu,
Gugaillí gug,
Mo cheaircín dubh.

...

A hAon, a Dó, a Trí,
Lucha beaga buí,
Ag ithe píosa cáise,
I ngan fhios d'fhear an tí.
Cat mór liath,
Tháinig sé isteach.
Cad a dhein na lucha?
Ritheadar amach!

...

ó **Rabhlaí Rabhlaí**, Roibeard Ó Cathasaigh (eag.), CDU / Coláiste Mhuire Gan Smál agus Oidhreacht Chorca Dhuibhne, 1998; **Dreoilín, Dreoilín, Rí na nÉan** le Mairéad Mac Con Iomaire, Údarás na Gaeltachta.

# Ag cloisint patrúin fuaime

Nuair a fhoglaimíonn leanaí na fuaimeanna a dheineann litreacha i bhfocail, tagann tuiscint áirithe acu ar phatrúin fuaime. Nuair a aithníonn siad patrúin fuaime a mbíonn na fuaimeanna céanna acu, go háirithe fuaimeanna tosaigh agus deiridh, cabhraíonn sé leo ceangal a dhéanamh le patrúin litreacha. Is scil thábhachtach í seo chun foghlaim conas léamh agus litriú.

Smaointe a chabhródh le do leanbh tuiscint níos fearr a fháilt ar phatrúin fuaime:

- Cabhraigh le do leanbh rannta a fhoghlaim agus a aithris.
- Mínigh patrúin fuaime tosaigh agus deiridh i bhfocail a chíonn agus a chloiseann do leanbh gach lá, mar shampla rannta raidió agus teilifíse.
- Léigh nó aithris rannta agus dánta naíonáin go minic.
- Bí ag canadh agus ag éisteacht le hamhráin bheaga go minic.
- Spreag do leanbh le rím a dhéanamh lena ainm agus bí ag cumadh rímeanna le fíorfhocail nó le focail ráiméiseacha.
- Bain úsáid as rímfhocail agus tú ag scéalaíocht: 'Splis, splois, spleais,' arsa an lacha san uisce. 'Mis, meais, muis,' arsa an mhuicín sa phluide.

Smaointe do chluichí ríme:

- Abair focal agus iarr ar do leanbh focal atá cosúil leis a chur leis.
- Abair, nó can rann agus fág amach focal, féachaint an féidir le do leanbh an focal atá in easnamh a chur isteach, mar shampla:

  Aon, dó,
  Capall is bó,
  Trí, ceathair,
  Bróga ____.

- Abair an focal mícheart agus féach an féidir le do leanbh an botún a thabhairt fé ndeara, mar shampla:

  Cúig, sé,
  Cupán tae,
  Seacht, ocht,
  Seanbhean dheas.

- Imir 'Címse féin lem shúilín beag, rud éigin a thosnaíonn le, nó a dhéanann rím le...'

# Gníomhamhráin agus rímeanna

Lámh, lámh eile,
A haon, a dó,
Cos, cos eile,
A haon a dó,
Cluas, cluas eile,
A haon a dó.
Ceann, srón, béal, smig,
Sin iad na fiacla istigh!

...

Chuaigh an mhuicín seo ar an aonach,
D'fhan an mhuicín seo ag baile;
Fuair an mhuicín seo arán is im;
Ní bhfuair an mhuicín seo dada;
"Bhíoc, bhíoc, bhíoc", arsa an bainbhín,
"Tá ocras orm".

...

A ladhairicín, a ladhaircín,
Crom do cheann go glic.
Níl tú mór,
beag go leor;
A ladhaircín, a ladhaircín, a mhic.

...

Buail bos
Gread cos
Cas timpeall
Is glac sos.

...

Roille, roille, ráinne,
Timpeall linn i bhfáinne -
Ríleo ró, ríleo ró!
Suas san aer le mo choisín ó!

...

Ring-a-ring-a-rósaí,
Buidéal lán de *phosies*.
Ceann duitse is ceann domsa,
Is síos linn go léir!


...

Buail do bhosa,
Buail do bhosa,
Bosa beaga míne.
Buail do bhosa,
Buail do bhosa,
Is gheobhaidh tú féirín Dé hAoine!

Buail do ghlúine,
Buail do ghlúine,
Glúine beaga míne.
Buail do ghlúine,
Buail do ghlúine,
Is gheobhaidh tú féirín Dé hAoine!

Buail do chosa,
Buail do chosa,
Cosa beaga míne.
Buail do chosa,
Buail do chosa,
Is gheobhaidh tú féirín Dé hAoine!

...



**ó Timpeall an Tí** le Treasa Ní Ailpín, An Gúm, 1993; **ó Rabhlaí Rabhlaí,** Roibeard Ó Cathasaigh (eag.), CDU / Coláiste Mhuire Gan Smál agus Oidhreacht Chorca Dhuibhne, 1998.

# Bíodh spórt agat le rímeanna

Roghnaigh gníomhaíocht ríme ón leathanach **'Ag cloisint patrúin fuaime'**

Cén ghníomhaíocht a roghnaigh tú?

Cad a thaitin le do pháiste mar gheall air?

Cad iad na rannta raidió nó teilifíse a bhfuil taithí aici orthu?

An féidir leat roinnt samplaí eile a thabhairt de rím i do theaghlach?

# Oideas scéil

Is mó oideas atá ann chun scéal a insint. Ba mhaith linn an ceann áirithe seo a roinnt libh

**1. Mar thosach, inis dod lucht éisteachta cad atá sa phota!**

(Is mó tosach oiriúnach atá ann cheana féin... Uair dá raibh... Fadó, fadó... Bhí fear ann fadó... Is maith is cuimhin liom...

Ar chuala tú cad a tharla do Mhatilda Ní Mhoiféid?

**2. Measc lena chéile go cúramach coibhneastaí tomhaiste de cé hé, cad é, cathain agus cén áit.**

(Tá úsáid á baint againn anseo as Iníon Uí Mhoiféid agus í ag déanamh ghlantachán an tSathairn ina tigín. Ach ní gá dhuit cloí leis seo.)

An cuimhin leat Iníon Uí Mhoiféid, bean bheag cháiréiseach a bhí i gcónaí ag gearán mar gheall ar pháistí a bheith ag rith tríd a gairdín? Tá cónaí uirthi sa tigín beag sin in aice le Crosaire Chailleach na gCearc. Bhuel, ar an Satharn seo caite bhí sí ag glantachán. Bí ag trácht ar mhórtas tí! Níl éinne chomh mórtasach as a tigh is atá Matilda. Chaith sí an lá ar fad ag ní na bhfallaí, ag scríobadh tíleanna, ag néatú cófraí, ag scriosadh líonta na ndamhán alla, ag sliseáil brat urláir, ag snasadh troscáin, ag cuimilt lorg méire de na cnaipíní solais. Bhí gach seomra sa tigh sin fé ionsaí ó cheirteacha, ábhair sciúrtha agus ó chóracha glantacháin Mhatilda.

Bhí sé ina thráthnóna sula raibh deireadh aici agus tar éis na hoibre crua sin go léir, bheartaigh Matilda go mbronnfadh sí cúiteamh beag uirthi féin. An bhfuil a fhios agat cad a bhí ann? Gruth agus meadhg. Sea, tá a fhios agam, tá a fhios agam. Ach b'shin í Matilda agat. Bhí sí chun suí ar a suísteog, 'Ros na Rún' a chur ar siúl, agus tabhairt faoi bhabhla deas beirithe de ghruth agus meadhg

**3. Cuir mám achrainn sa chorcán agus lig dó suanbhruith.**

(Ní éiríonn go réidh le cúrsaí riamh sna scéalta. Sin í an chúis go leanaimid ag éisteacht. Mar sin, agus Matilda ag tnúth le tráthnóna ar a sáimhín só, táimidne ag tnúth lena bhfuil chun titim amach.)

# Oideas scéil

Bhí sé a leathuair tar éis a hocht sa deireadh sular éirigh léi suí síos ar a suísteog chun sásamh a bhaint as a béile breá. Chuir sí 'Ros na Rún' ar siúl. Bhí Berni fós ag cnáimhseáil mar gheall ar go raibh cailín nua ag Mícheál. 'Mo náire í', arsa Iníon Uí Mhoiféid, 'dá mbeadh leath an mhéid oibre le déanamh aici sin is a bhíonn agamsa ní bheadh sé d'uain aici a bheith á crá fhéin le cúrsaí grá a hiarchéile.'

Díreach ansan, bhraith Matilda go raibh duine nó rud éigin sa seomra. Rud éigin ná féadfadh sí a méar a leagaint air, ach bhí sí neirbhíseach mar sin féin.... Bhraith sí go raibh rud éigin ag teacht ina treo. Ag teacht níos gaire di.

Ar an bpointe chonaic sí samhailt dhorcha ag féachaint go bagarthach uirthi féin ar dtúis agus ansin ar a babhla gruth agus meadhg...

Ansin dúirt an guth, 'Huh, is dóigh leatsa go bhfuil ana-lá oibre déanta agat, an dóigh? Ar rith sé riamh leat go bhfuil do chuidse drochoibre tar éis mo theaghlach uile a scriosadh agus mé féin a fhágaint gan dídean?'

**4. Crioth réiteach isteach sa mheascán.**

(Tá a fhios againn, gan amhras, gur damhán alla é an stróinséar dorcha, ach cad ba mhaith linn a tharlódh? Ar mhaith linn go dtabharfadh Iníon Uí Mhoiféid paltóg don damhán alla agus dul thar n-ais chuig 'Ros na Rún'? Nó an dóigh linn go bhfuil a cheart fhéin aige sa mhéid a deir sé?)

Stán Iníon Uí Mhoiféid go scáfar ar an damhán alla, is ar éigin gur chreid sí a raibh á fheiscint aici, ná háirím a raibh á chloisint aici! Go tobann, léim sí suas, thit an babhla uaithi béal fé ar an urlár agus as go brách léi amach an doras ar luas na gaoithe.

**5. Blais é, agus más gá, cuir an réiteach in oiriúint.**

(Cloífimid leis an traidisiún anseo...)

Níor fhéach sí siar. Ní fhaca sí an gruth agus meadhg ina shlaod ag doirteadh amach as an mbabhla briste ar an urlár a bhí díreach glanta, snasta aici.

# Oideas scéil

**6. Bain den sorn é, agus dáil críoch shona amach ar na miasa.**

(Don damhán alla, pé scéal é...)

Ach chonaic an damhán alla é, agus ghlac sé sásamh beag éigin as an díoltas seo, shocraigh sé síos go compoirdeach ar an suísteog agus d'fhéach ar an gcuid eile de 'Ros na Rún' go breá sásta.

(Bhuel, d'éirigh leis an damhán alla an comhar a chasadh sa chás seo. Ach ná bíodh breall ort. Is dócha go bhfuil Iníon Uí Mhoiféid imithe chun tosnú ar ranganna karate san ionad áitiúil aosoideachais. Beidh sí thar n-ais!)

Críoch.

# An bosca scéalaíochta

| | |
|---|---|
| CARACHTAR | **Cé hé** an laoch? |
| NA CARACHTAIR EILE SA SCÉAL | **Cé eile** atá sa scéal?<br>**Cé hé** an 'drochdhuine'? |
| AM | **Cathain** a tharlaíonn an scéal? |
| ÁIT INA BHFUIL SÉ SUITE | **Cá** dtarlaíonn an scéal? |
| PRÍOMHGHNÍOMHAÍOCHT | **Cad** atá in aimn tarlú? |
| FADHB | **Cad** a imíonn amú? |
| RÉITEACH | **Conas** a réitítear an fhadhb?<br>An mbíonn an chríoch sona?<br>An mbíonn an chríoch brónach? |

# Ag cabhrú le do leanbh scéal a aithris

| | |
|---|---|
| Roghnaigh scéal atá ar eolas agaibh beirt go maith. | **'An féidir leat a insint dom i dtaobh 'Cúilín Óir agus na Trí Bhéar'?'** |
| Tosnaigh le do leanbh ag tosach an scéil. | **'Fadó, fadó bhí trí bhéar ann.'** |
| Tarraing a haird ar mhionrudaí áirithe. | **'Cad a bhí á dhéanamh ag Cúilín Óir nuair a tháinig sí go dtí tigín na dTrí Bhéar?'** |
| Cuir ceisteanna a chabhródh léi cuimhneamh ar an scéal. | **'Agus cad a tharla nuair a shuigh sí ar chathaoir an Bhéirín Bhig?'** |
| Tabhair nodanna di má théann sí amú sa scéal. | **'Bhris an chathaoir, nár bhris? Agus ansan chuaigh Cúilín Óir in airde staighre go dtí na seomraí codlata. Cén leaba ar ar luigh sí síos ar dtúis?'** |
| Téir siar ar an scéal más gá. | **'Ach níor tháinig na béir abhaile láithreach, ar tháinig?** |
| Tabhair ana-chuid moladh agus spreagadh. | **B'iontach an scéal é sin.**<br>**Maith an cailín as é a insint dom.** |

# Síscéalta trína chéile

Is breá le páistí an greann agus an spórt a bhaineann leis an saghas seo scéalaíochta. Chun síscéal a chur trína chéile is é an rud a dhéanann tú ná gnáthscéal a thógaint agus é a athrú chun dul in oiriúint don rud atá á dhéanamh agat.

- D'fhéadfadh na carachtair a bheith ina n-ainmhithe, ina gcréatúirí ón spás nó mar dhaoine i do chlann.
- Is féidir carachtair nua a chur isteach.
- Is féidir an scéal a threorú i slite éagsúla.
- Is féidir an áit a bhfuil an scéal suite a athrú ar fad.
- Is féidir an scéal a insint ó dhearcadh eile ar fad.

Mar shampla:

D'fhéadfadh na **'Trí Mhuicín'** a bheith ag tarlú fén bhfarraige. In ionad 'Trí Mhuicín', d'fhéadfá 'Trí Iasc Bheaga' a bheith agat nó fiú 'Trí Mhurúch Bheaga'. D'fhéadfá 'Míol Mór Marfach' a bheith agat in ionad 'Mac Tíre Mór Gránna'. D'fhéadfaidís a dtithe a thógaint as trioscar, sliogáin, nó adhmad ó bháid a chuaigh go tóin poill.

In ionad **'An Frog ina Phrionsa'**, d'fhéadfá 'An Duán Alla ina Phrionsa' a bheith agat nó an 'Créatúr ón spás ina Phrionsa'. In ionad go bpógfadh an cailín an frog agus go ndéanfaí prionsa dó, iompaigh timpeall é. Bíodh airsean an cailín a phógadh agus frog a dhéanamh dise.


D'fhéadfaí **'Codladh Céad Bliain'** a athrú mar 'Shraothartach Céad Bliain' nó 'Sranntarnach Céad Bliain'.



# Ag déanamh Puipéad


**Puipéad stoca:**

1. Mar shúile agus mar shrón, greamaigh cnaipí nó ciorcail bheaga de pháipéar daite ar stoca.
2. Gearr teanga nó béal amach as páipéar.
3. Greamaigh roinnt olla mar ghruaig nó fionnadh.



**Puipéad as tiúb chairtchláir:**

1. Úsáid seilitéip nó taos chun an rolla folamh páipéir leithris a chlúdach le páipéar daite mar chorp.
2. Tarraing nó gearr agus greamaigh na mionsonraí de réir mar is gá.
3. Ag úsáid páipéir, gearr amach ciorcal mór mar cheann agus tarraing aghaidh air.
4. Greamaigh an ceann leis an tiúb.
5. Cuir rudaí breise leis ar nós, olann mar ghruaig, glitéir, srl.



# Ag Scéalaíocht

I rith na seachtaine, déan iarracht roinnt ama a chur ar leataobh chun gréas scéalaíochta a dhéanamh le do pháiste. D'fhéadfá triail a bhaint as rudaí éagsúla ar nós 'an síscéal trína chéile', nó scéal a bhfuil **ach** ann.

Cad iad na scéalta is maith leat a insint dod pháiste?


Cad iad na scéalta is fearr le do pháiste?

An mbíonn do pháiste páirteach riamh sa scéalaíocht?

An bhfuil do pháiste ábalta an scéal a athinsint?

Cé hiad na carachtair is fearr le do pháiste?

An féidir le do pháiste labhairt fé thosach, lár agus deireadh an scéil?



## Canúint na Mumhan

Tionscnamh Foghlama Teaghlaigh an Chláir,
Lárionad Oideachais Aosaigh agus Phobail,
Páirc Ghnó Clonroad, Inis, Co. an Chláir.
Teil. (065) 6824819

Breacadh

NDP

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta | Department of Education and Science